C/2025/6563

8.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6563)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Bizkaiko Txakolina / Chacolí de Bizkaia / Txakoli de Bizkaia'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0746-AM02 - 10.9.2025

1. **Ainm an táirge**

'Bizkaiko Txakolina / Chacolí de Bizkaia / Txakoli de Bizkaia'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ardstiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia.

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge ATFC Bizkaiko Txakolina / Chacolí de Bizkaia / Txakoli de Bizkaia; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d'aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach, níl an méid seo a leanas i gceist leis: athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach; an baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; srianta breise ar mhargú an táirge.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

SONRAÍODH CATAGÓIRÍ NA dTÁIRGÍ FAOI CHOSAINT.

Tuairisc

Cuireadh an méid seo a leanas isteach mar an chéad abairt sa tuairisc ar na fíonta: 'Catagóir 1 - Fíon (geal, rosé, dearg, Berezia geal, Berezia rosé, Berezia dearg agus Berezia "aparta")'. Sonraítear leis sin go mbaineann na fíonta le catagóir 1, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (CEM), agus sonraítear na cineálacha.

Baineann an leasú le pointe 2 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair ós rud é go bhfuil catagóir 1 sonraithe ann cheana féin.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

LEASÚ AR AN TUAIRISC ANAILÍSEACH AGUS ORGÁNAILEIPTEACH AR NA FÍONTA

Tuairisc

Baineadh an cineál fíona atá 'geal agus a choiptear i mbairille' den tuairisc, agus cuireadh na cineálacha seo a leanas isteach: 'Berezia blanco' [geal], 'Berezia tinto' [dearg] agus 'Berezia aparta' [oráiste], a bhféadfaí aon cheann díobh a choipeadh i mbairille. Leagadh síos teorainneacha anailíseacha na bhfíonta sin agus tuairisc orgánaileipteach orthu.

Méadaíodh neart alcóil iomlán agus iarbhír íosta na bhfíonta geala, dearga agus rosé ó 10 % go 10,5 %.

Tháinig méadú ar an aigéadacht luaineach uasta ó 0,6 g/l go 0,7 g/l le haghaidh na bhfíonta geala agus rosé; agus go 0,9 g/l i gcás na bhfíonta dearga. Bhí eisceacht ann roimhe seo ón teorainn sin le haghaidh fíonta geala agus rosé a bhfuil neart alcóil níos mó ná 12 % iontu. Cuireadh deireadh leis sin.

Tá laghdú tagtha ar an aigéadacht iomlán íosta ó 6 g/l go 5,5 g/l le haghaidh na bhfíonta geala, agus ó 5,5 g/l go 5 g/l le haghaidh na bhfíonta rosé.

Cuireadh dhá mhír isteach maidir leis an nós imeachta le haghaidh aicmiú orgánaileipteach na bhfíonta. Athraíodh na tuairiscí orgánaileipteacha ar na fíonta geala, dearga agus rosé, agus baineadh an cineál 'geal coipthe i mbairille' agus cuireadh na ceithre chineál nua isteach.

Baineann an leasú sin le pointe 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 6 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

BAINEADH AN TOIRMEASC AR UISCIÚ

Tuairisc

Baineadh an toirmeasc ar uisciú, cé is moite d'eisceachtaí, a áiríodh roimhe seo sa tsonraíocht táirge.

Leasaíodh pointe 3.1, 'Cleachtais saothraithe' agus pointe 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

TEORAINNEACHA AR ÚSÁID CINEÁLACHA

Tuairisc

Níl aon teorainn leis an achar dromchla ina n-oibríonn fíonlanna cláraithe maidir leis na cineálacha údaraithe Pinot Noir agus Cabernet Franc [a fhás], chomh maith leis an gcineál molta Hondarrabi Zuri Zerratia (Petit Courbu).

Cé go bhfuil sé luaite cheana féin sa reachtaíocht, sonraíodh, i gcás ina gcuirtear fíonta ar an margadh le hainm cineáil aonair, nach mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear a bheith den chineál sin.

Leasaíodh pointe 3 den tsonraíocht agus pointe 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

CLEACHTAIS TÁIRGTHE LE HAGHAIDH NA gCINEÁLACHA NUA FÍONA

Tuairisc

Tugtar tuairisc ar na cleachtais táirgthe le haghaidh na gceithre chineál nua fíona ar a dtugtar 'Berezia'.

Leasaíodh pointe 3 den tsonraíocht agus pointe 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

ATHRÚ AR AN LIMISTÉAR GEOGRAFACH SAINITHE

Tuairisc

Baineadh foráil lena gcuirtear srian ar thalamh incháilithe laistigh den limistéar geografach go dtí airde 400 m nó níos ísle os cionn leibhéal na mara.

Dá bhrí sin, san fhoclaíocht maidir leis an nasc, baineadh an roinn maidir le 'Ardú'. Ní baol go gcuirfeadh sé sin an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní, rud atá bunaithe ar go leor tosca eile.

Leasaíodh pointí 4 agus 7 den tsonraíocht táirge agus pointe 9 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

LEASÚ AR AN UASTÁIRGEACHT

Tuairisc

Laghdaíodh an uasteorainn do tháirgeadh fíonchaor in aghaidh an heicteáir. Bunaíodh teorainneacha éagsúla le haghaidh fíonchaora geala agus dearga, ag laghdú ó 13 000 kg/ha go 11 500 kg/ha le haghaidh na bhfíonchaor geal agus go 9 500 kg/ha le haghaidh na bhfíonchaor dearg. Maidir leis an táirgeacht úsctha, sonraíodh teorainn 70 lítear fíona le haghaidh gach 100 kg fíonchaor a bhuaintear.

Leasaíodh pointe 5 den tsonraíocht agus pointe 7.2 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

ATHRUITHE AR CHINEÁLACHA FÍNIÚNA

Tuairisc

Tá stádas an chineáil Hondarrabi Zuri Zerratia (Petit Courbu) athraithe ó stádas údaraithe go stádas molta nó príomhstádas.

Cuireadh Pinot Noir agus Cabernet Franc isteach mar chineálacha údaraithe.

Baineann an leasú sin le pointe 6 den tsonraíocht táirge agus le pointe 8 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

ATHRUITHE AR FHORÁLACHA EILE IS INFHEIDHME

Tuairisc

Cuireadh feabhas ar fhoclaíocht na roinne seo agus tugadh isteach dhá mhír nua. Soiléirítear le mír amháin go ndéantar fíonta atá i dteideal úsáid a bhaint as ainmniúchán tionscnaimh 'Bizkaiko Txakolina / Txakoli de Bizkaia / Chacolí de Bizkaia' go hiomlán as fíonchaora ó fhíonghoirt atá cláraithe ansin. Baineann an mhír eile leis [an gceanglas ar] an mBord Rialála réamhúdarú a thabhairt do na lipéid atá le húsáid. Athraíodh í go díreach chun measúnú a dhéanamh agus, b'fhéidir, barúlacha a thabhairt.

Glacadh an deis freisin feabhas a chur ar an bhfoclaíocht maidir leis na téarmaí traidisiúnta a bhfuil an ATFC seo ina dteideal. Tugadh ceann amháin díobh sin cothrom le dáta agus, tar éis leasú a dhéanamh le déanaí, athraíodh an t-ainm ó 'Chacolí-Txakolina' go 'Chacolí / Txakolina / Txakoli'.

Baineann an leasú sin le pointe 8 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

FÍONTA EILE

Tuairisc

Áiríodh sa tsonraíocht táirge cheana féin an fhéidearthacht an t-ainm geografach 'Bizkaia' a úsáid le haghaidh fíonta a dhéantar as fíonchaora ró-aibí ar a bhfuil an téarma 'buaint dhéanach', agus le haghaidh fíonta súilíneacha.

Tá teorainneacha anailíseacha agus an tuairisc orgánaileipteach tugtha isteach anois le haghaidh an dá chatagóir fíona sin.

Leasaíodh pointí 8.B.4.5 agus 8.B.4.6 den tsonraíocht táirge, ach ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

ATHRUITHE AR AN ROINN MAIDIR LE RIALUITHE

Tuairisc

Feabhsaíodh an fhoclaíocht agus tugadh cothrom le dáta í sa roinn maidir le 'Seiceálacha'.

Baineann an leasú le pointe 9 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Bizkaiko Txakolina / Chacolí de Bizkaia / Txakoli de Bizkaia'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0746-AM02 - 10.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Bizkaiko Txakolina / Chacolí de Bizkaia / Txakoli de Bizkaia'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

FÍON GEAL

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Geal agus glé, cé is moite de na fíonta txakoli a dhíoltar neamhscagtha, le himireacha idir buí éadrom agus buí ar dhath na tuí, imireacha scothghlasa a d'fhéadfadh a bheith ann.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard. Castacht dea-bholaidh: torthaíoch agus/nó bláthach agus/nó luibheach agus/nó mianrach. D'fhéadfadh miondifríochtaí breise a bheith ann mar thoradh ar aosú nó ar ghiostaí dúchasacha a úsáid.

Blas

Déine blais idir measartha agus ard. Cothrom agus úr. Castacht blais: torthaíoch agus/nó bláthach agus/nó luibheach agus/nó mianrach. Fada, d'fhéadfadh iarbhlas beagán searbh a bheith air.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10,5
Aigéadacht iomlán íosta:	5,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	11,66
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	180

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON *ROSÉ*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Geal agus glé, cé is moite de na fíonta txakoli a chuirtear ar an margadh mar fhíonta neamhscagtha, dath bándearg le himireacha corcairghorma idir dath sú craobh agus dath an bhradáin.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard. Castacht dea-bholaidh: torthaíoch agus/nó bláthach agus/nó luibheach agus/nó mianrach.

Blas

Déine blais idir measartha agus ard. Cothrom agus úr. Castacht blais: torthaíoch agus/nó bláthach agus/nó luibheach agus/nó mianrach. Marthanach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10,5
Aigéadacht iomlán íosta:	5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	11,66
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	180

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON DEARG

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dearg, le himireacha corcairghorma idir dearg corcairghorm agus caordhearg.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard. Castacht dea-bholaidh: torthaíoch agus/nó bláthach agus/nó luibheach agus/nó mianrach. Marthanach.

Blas

Déine blais idir measartha agus ard. Cothrom agus tainneach. Castacht blais: torthaíoch agus/nó bláthach agus/nó luibheach agus/nó mianrach. Marthanach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	15
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	140

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON GEAL BEREZIA

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Geal agus glé, cé is moite de na fíonta txakoli a chuirtear ar an margadh mar fíonta neamhscagtha, le himireacha idir buí éadrom agus buí órga, imireacha glasa a d'fhéadfadh a bheith ann.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard. Castacht dea-bholaidh: dea-bholaithe mar a thuairiscítear le haghaidh fíon geal úr in éineacht le dea-bholaithe a eascraíonn as na modhanna éagsúla aosaithe a úsáidtear san ainmniúchán: spíosraí agus/nó balsamach agus/nó cnónna agus/nó toiteach agus/nó earraí bácáilte agus/nó déiríocht agus/nó tóstáilte.

Blas

Déine blais idir measartha agus ard. Cothrom agus tathag suntasach aige. Castacht blais: blasanna mar a thuairiscítear i gcás fíon geal úr in éineacht le blasanna a eascraíonn as na modhanna éagsúla aosaithe a úsáidtear san ainmniúchán: spíosraí agus/nó balsamach agus/nó cnónna agus/nó toiteach agus/nó earraí bácáilte agus/nó déiríocht agus/nó tóstáilte.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	5,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	180

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON ROSÉ BEREZIA

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan agus geal. Bándearg le himireacha idir dath bándearg sú craobh agus dath craicinn oinniúin.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard. Castacht dea-bholaidh: dea-bholaithe mar a thugtar tuairisc orthu le haghaidh fíon rosé úr in éineacht le dea-bholaithe a eascraíonn as na modhanna éagsúla aosaithe a úsáidtear san ainmniúchán: spíosraí agus/nó balsamach agus/nó cnónna agus/nó toiteach agus/nó earraí bácáilte agus/nó déiríocht agus/nó tóstáilte.

Blas

Déine blais idir measartha agus ard. Cothrom agus tathag suntasach aige. Castacht blais: blasanna mar a thugtar tuairisc orthu le haghaidh fíon rosé úr in éineacht le blasanna a eascraíonn as na modhanna éagsúla aosaithe a úsáidtear san ainmniúchán: spíosraí agus/nó balsamach agus/nó cnónna agus/nó toiteach agus/nó earraí bácáilte agus/nó déiríocht agus/nó tóstáilte. Marthanach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	180

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON DEARG BEREZIA

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dearg, le himireacha idir corcairghorm-dhearg agus donnrua.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard. Castacht dea-bholaidh: dea-bholaithe mar a thuairiscítear le haghaidh fíon dearg úr in éineacht le dea-bholaithe a eascraíonn as na modhanna éagsúla aosaithe a úsáidtear san ainmniúchán: spíosraí agus/nó balsamach agus/nó cnónna agus/nó toiteach agus/nó earraí bácáilte agus/nó déiríocht agus/nó tóstáilte.

Blas

Déine blais idir measartha agus ard. Cothrom, tainneach agus tathag suntasach aige. Castacht blais: blasanna mar a thuairiscítear i gcás fíon dearg úr in éineacht le blasanna a eascraíonn as na modhanna éagsúla aosaithe a úsáidtear san ainmniúchán: spíosraí agus/nó balsamach agus/nó cnónna agus/nó toiteach agus/nó earraí bácáilte agus/nó déiríocht agus/nó tóstáilte. Marthanach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	140

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON APARTA BEREZIA

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Geal agus glé, cé is moite de na fíonta sin a chuirtear ar an margadh mar fíonta neamhscagtha, le himireacha idir buí éadrom, ómra agus oráiste, mar thoradh ar theagmháil leis an gcraiceann, imireacha scothghlasa a d'fhéadfadh a bheith ann.

Dea-bholadh

Déine idir measartha agus ard. Castacht dea-bholaidh: dea-bholaithe ar a dtugtar tuairisc i gcatagóir 'Berezia': spíosraithe agus/nó balsamach agus/nó cnónna agus/nó earraí toite agus/nó bácáilte agus/nó déiríocht agus/nó tóstáilte, in éineacht le bolaithe ocsaídiúcháin nó réaduchtacha a eascraíonn as na modhanna táirgthe éagsúla.

Blas

Déine blais idir measartha agus ard. Fíonta éadroma struchtúrtha, le cúpla tainnin b'fhéidir. Castacht blais: dea-bholaithe ar a dtugtar tuairisc i gcatagóir 'Berezia': spíosraithe agus/nó balsamach agus/nó cnónna agus/nó earraí toite agus/nó bácáilte agus/nó déiríocht agus/nó tóstáilte, in éineacht le bolaithe ocsaídiúcháin nó réaduchtacha a eascraíonn as na modhanna táirgthe éagsúla.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	180

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtais fhíoneolaíocha

-

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Tá teorainn curtha leis an achar dromchla ina bhfuil na cineálacha a mheastar a bheith 'údaraithe' sa tsonraíocht táirge, cé is moite de Pinot Noir agus Cabernet Franc.

Maidir le táirgeadh fíonta a chuirtear ar an margadh agus ainm cineáil aonair orthu, ní féidir ach cineálacha fíniúna molta a úsáid, agus ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear a bheith de na cineálacha sin.

Ní mór 50 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear chun fíonta rosé a dhéanamh a bheith de chineál dearg.

Toirmisctear sliseanna darach a úsáid.

Déantar fíonta txakoli 'Bereziak' a aosú ar feadh 5 mhí ar a laghad i soithí atá déanta as ábhair éagsúla amhail stroighin, ceirmeach nó adhmad. Cuirtear fíonta a choiptear i mbairillí adhmaid ar an margadh ar a bhfuil an téarma 'Coipthe i mbairille'. Is iad na fíonta 'aparta' na fíonta a chuaigh faoi phróiseas táirgthe speisialta.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíonchaor geal

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	11 500
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíonchaor geal

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	80,5
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíonchaor dearg

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	9 500
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíonchaor dearg

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	66,5
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— CABERNET FRANC

— CHARDONNAY

— FOLLE BLANCHE

— GROS MANSENG

— HONDARRABI BELTZA

— HONDARRABI ZURI

— PETIT COURBU

— PETIT MANSENG

— PINOT NOIR

— RIESLING

— SAUVIGNON BLANC

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Is éard atá i limistéar táirgeachta na bhfíonta a chumhdaítear leis an ATFC talamh atá suite laistigh d'aon cheann de bhardais Bizkaia, agus a mheasann an Bord Rialála agus an t-údarás inniúil a bheith oiriúnach chun na cineálacha fíniúna údaraithe a tháirgeadh a bhfuil an cháilíocht is gá acu chun fíonta ag a bhfuil saintréithe sonracha an ATFC a tháirgeadh, agus atá cláraithe amhlaidh.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá an neart alcóil idir 10,5 agus 11,5 ann mar thoradh ar aeráid thais mheasartha Atlantach ina bhfuil samhraí fionnuara agus gaotha ó dheas den chuid is mó a dhéanann difear d'aibiú na bhfíonchaor. Mar thoradh ar an leibhéal gréine níos ísle sa limistéar, mar aon le meánteochtaí fionnuara sa samhradh, déantar na fíonchaora a aibiú go mall. Táirgeann sé sin fíonta ag a bhfuil aigéadacht iomlán deiridh níos mó ná mar atá i limistéir eile, agus fíonta ag a bhfuil castacht aramatach mheánach agus dea-bholaithe ceannasacha de thorthaí bána agus citris agus bolaithe luibheanna. Tá iarbhlas searbh atá tipiciúil don phríomhchineál ar na fíonta.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Leathnaítear cosaint ainm an ainmniúcháin chuig a theaglamaí éagsúla, agus chuig ainmneacha na gceantar, na ndúichí agus na n-áiteanna sa limistéar táirgeachta, ullmhúcháin agus buidéalaithe, atá nasctha leis na focail 'Txakoli', 'Chacolí', 'Chacolin', 'Txakolin' agus 'Txakolina'. Údaraíonn an comhlacht rialúcháin lipéid uimhrithe agus lipéid thánaisteacha sula n-úsáidtear iad.

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

BUIDÉALÚ

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Ní mór fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán a bhuidéalú agus a lipéadú go heisiach sna fíonlanna cláraithe atá údaraithe ag an mBord Rialála. Tá údar leis an gceanglas sin toisc go bhfuil nós imeachta rialaithe bunaithe ag an mBord maidir le cainníocht agus cáilíocht na bhfíonta faoi chosaint, ó tháirgeadh go cur ar an margadh. Ina theannta sin, baineann buidéalú lasmuigh den limistéar táirgeachta le hiompar agus le hoibríochtaí eile a bhaineann le fíon a d'fhéadfadh saintréithe an fhíona a athrú.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.euskadi.eus/contenidos/informacion/dop_txakoli_bizkaia/es_dapa/adjuntos/BIZKAIKO-TXAKOLINAren-pliegoak-20241128-consolidado.pdf